

<b>An Geall (le Liam Mac Uistín)</b>	
1.	<b>Tar éis do Cholm a bhanc a chur ar an eolas faoi na cártaí creidmheasa a goideadh uaidh,</b>
2.	<b>agus nuair a bhí seicleabhar nua agus burla nótaí airgid ina phóca aige, chuaigh sé chuig na Gardaí agus thug sonraí dóibh maidir leis an bPorsche.</b>
3.	<b>De ghnáth, ag an tráth seo den lá, théadh sé chuig bialann ghalánta chun lón a chaitheamh.</b>
4.	<b>Ach ní raibh aon ghoile aige anois.</b>
5.	<b>Agus bhí inní air faoina shláinte.</b>
6.	<b>Le tamall anuas bhíodh meadhrán ina cheann agus uaireanta bhíodh sé chomh spadánta sin go mbíodh air leathbhuidéal seaimpéin a ól chun fuinneamh éigin a chur ann féin.</b>
7.	<b>Rith sé leis gur chóir dó glacadh le comhairle Bhean Uí Bhrolcháin agus cuairt a thabhairt ar dhochtúir.</b>
8.	<b>Níor ghá, mheas sé, dul chuig dochtúir comhairleach.</b>
9.	<b>Ní raibh mórán ag cur as dó.</b>
10.	<b>Réiteodh buidéal leighis éigin an fhadhb.</b>
11.	<b>D’fhéadfadh dochtúir ar bith oideas oiriúnach a sholáthar dó.</b>
12.	<b>Chonaic sé pláta práis ar bhalla ag cúinne na sráide:</b>
13.	<b>“An Dr. Seán Ó Laochdha, Dochtúir agus Mainlia”</b>
14.	<b>Dhéanfadh an fear seo an gnó!</b>
15.	<b>Shiúil sé isteach agus thug a ainm don chailín ag an deasc.</b>
16.	<b>Threoraigh sise isteach sa seomra feithimh é.</b>
17.	<b>Bhí an seomra plódaithe le daoine.</b>
18.	<b>Bhí cuma na bochtaineachta ar a bhformhór.</b>
19.	<b>Stán siad go fiosrach ar an gculaith chostasach a bhí air.</b>
20.	<b>D’éirigh sé míchompordach mar go raibh gach duine ag amharc air, agus thóg sé iris ón mbord agus lig sé air go raibh sé á léamh.</b>

	An Geall (le Liam Mac Uistín)	The Promise (by Liam Mac Uistín)
1.	<b>Tar éis do Cholm a bhanc a chur ar an eolas faoi na cártaí creidmheasa a goideadh uaidh,</b>	<b>After Colm had informed his bank about the credit cards that were stolen from him,</b>
	a. Tar éis dom éirí, d’ith mé mo bhriceasta.	After I go up, I ate my breakfast.
	b. Tar éis duit dul amach, cad a rinne tú?	After you went out, what did you do?
	c. Tar éis dó teacht ar ais, chuaigh sé a luí.	After he came back, he went to sleep.
	d. Tar éis di labhairt leis, d’fhill sí abhaile.	After talking with him, she returned home.
	e. Tar éis dúinn é sin a chloisteáil, tá áthas orainn.	After hearing that, we’re happy.
	f. Tar éis daoibh é a fheiceáil, cad a rinne sibh?	After you saw him, what did you do?
	g. Tar éis dóibh dul go hÉirinn, níor mhaith leo filleadh abhaile.	After going to Ireland, they don’t want to return home.
	h. Ghoid an fear sin airgead uaidh.	That man stole money from him.
	i. Goideadh airgead uaidh.	Money was stolen from him.
2.	<b>agus nuair a bhí seicleabhar nua agus burla nótaí airgid ina phóca aige, chuaigh sé chuig na Gardaí agus thug sonraí dóibh maidir leis an bPorsche.</b>	<b>And when he had a new checkbook and a wad of banknotes in his pocket, he went to the Gardaí and gave details to them about the Porsche.</b>
	a. Cad atá i do lámh agat?	What do you have in your hand?
	b. Tá leabhar nua sa bhaile agam.	I have a new book at home.
3.	<b>De ghnáth, ag an tráth seo den lá, théadh sé chuig bialann ghalánta chun lón a chaitheamh.</b>	<b>Usually, at this time of the day, he would go to an elegant restaurant to have lunch.</b>
	a. Chuaigh sé ansin inné.	He went there yesterday.
	b. Théadh sé ansin gach lá.	He used to go there every day.
	c. Tá sé ag dul ansin anois.	He’s going there now.
	d. Téann sé ansin gach lá.	He goes there every day.
	e. liathróid a chaitheamh	to throw a ball
	f. bia a chaitheamh	to eat food
	g. toitín a chaitheamh	to smoke a cigarette
	h. airgead a chaitheamh	to spend money
	i. an lá a chaitheamh	to spend the day
	j. cóta a chaitheamh	to wear a coat
	k. vóta a chaitheamh	to cast a vote
4.	<b>Ach ní raibh aon ghoile aige anois.</b>	<b>But he wasn’t at all hungry now.</b>
5.	<b>Agus bhí inní air faoina shláinte.</b>	<b>And he was worried about his health.</b>
6.	<b>Le tamall anuas bhíodh meadhrán ina cheann agus uaireanta bhíodh sé chomh spadánta sin go mbíodh air leathbhuidéal seaimpéin a ól chun fuinneamh éigin a chur ann féin.</b>	<b>For a while, his head had been dizzy and sometimes he was so lethargic that he had to drink a half bottle of champagne to put some energy into himself.</b>
	a. Tá mé anseo le seachtain anuas.	I have been here for a week.
	b. Bhí mé ansin le seachtain anuas.	I had been there for a week.
	c. Tá meadhrán ina cheann anocht.	His head is dizzy tonight.
	d. Bíonn meadhrán ina cheann gach oíche.	His head is dizzy every night.
	e. Bhí meadhrán ina cheann aréir.	His head was dizzy last night.
	f. Bhíodh meadhrán ina cheann gach oíche.	His head was dizzy every night.

	An Geall (le Liam Mac Uistín)	The Promise (by Liam Mac Uistín)
7.	<b>Rith sé leis gur chóir dó glacadh le comhairle Bhean Uí Bhrolcháin agus cuairt a thabhairt ar dhochtúir.</b>	<b>It occurred to him that he ought to take Mrs. O’Brolcan’s advice and visit a doctor.</b>
	a. Bhí sé fliuch.	It was wet.
	b. Rith sé liom go raibh sé fliuch.	It occurred to me that it was wet.
	c. Ní raibh sé fliuch.	It wasn’t wet.
	d. Rith sé liom nach raibh sé fliuch.	It occurred to me that it wasn’t wet.
	e. Thug mé cuairt ar mo chara.	I visited my friend.
	f. Ar thug tú cuairt ar do chara?	Did you visit your friend?
8.	<b>Níor ghá, mheas sé, dul chuig dochtúir comhairleach.</b>	<b>It wasn’t necessary, he thought, to go to a consulting doctor.</b>
	a. Ní gá duit fanacht anseo.	You don’t have to stay here.
	b. Níor ghá duit fanacht anseo.	You didn’t have to stay here.
9.	<b>Ní raibh mórán ag cur as dó.</b>	<b>There wasn’t much bothering him.</b>
	a. Cad atá ag cur as duit?	What’s bothering you?
	b. Níl rud ar bith ag cur as dom.	Nothing’s bothering me.
10.	<b>Réiteodh buidéal leighis éigin an fhadhb.</b>	<b>Some bottle of medicine would solve the problem.</b>
	a. Réitigh buidéal leighis an fhadhb.	A bottle of medicine solved the problem.
11.	<b>D’fhéadfadh dochtúir ar bith oideas oiriúnach a sholáthar dó.</b>	<b>Any doctor could provide a suitable prescription to him.</b>
12.	<b>Chonaic sé pláta práis ar bhalla ag cúinne na sráide:</b>	<b>He saw a brass plate on a wall on the street corner:</b>
	a. an práis / an phráis / pláta práis	the brass / of the brass / a brass plate
	b. an tsráid / na sráide / cúinne na sráide	the street / of the street / the street corner
13.	<b>“An Dr. Seán Ó Laochdha, Dochtúir agus Mainlia”</b>	<b>“Dr. Sean O’Laocha, Doctor and Surgeon”</b>
14.	<b>Dhéanfadh an fear seo an gnó!</b>	<b>This man would do the job!</b>
	a. Rinne an fear seo an gnó.	This man did the job.
15.	<b>Shiúil sé isteach agus thug a ainm don chailín ag an deasc.</b>	<b>He walked in and gave his name to the girl at the desk.</b>
16.	<b>Threoraigh sise isteach sa seomra feithimh é.</b>	<b>She directed him into the waiting room.</b>
17.	<b>Bhí an seomra plódaithe le daoine.</b>	<b>The room was packed with people.</b>
18.	<b>Bhí cuma na bochtaineachta ar a bhformhór.</b>	<b>Most of them had the look of poverty.</b>
	a. an bhochtaineacht / na bochtaineachta	poverty / of poverty
19.	<b>Stán siad go fiosrach ar an gculaith chostasach a bhí air.</b>	<b>They stared inquisitively at the expensive suit he had on.</b>
20.	<b>D’éirigh sé míchompordach mar go raibh gach duine ag amharc air, agus thóg sé iris ón mbord agus lig sé air go raibh sé á léamh.</b>	<b>He became uncomfortable because everyone was looking at him, and he took a magazine from the table and pretended that he was reading it.</b>
	a. An bhfaca tú é?	Did you see him?
	b. Lig mé orm go bhfaca mé é.	I pretended that I saw him.
	c. Ar chuala tú é?	Did you hear him?
	d. Lig mé orm gur chuala mé é.	I pretended that I heard him.